CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/837 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Aibreán 2023

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1803 lena leagtar amach na méideanna sealadacha a leithdháiltear ar gach Ballstát ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit agus an t-íosmhéid tacaíochta do phobail chósta áitiúla agus réigiúnacha

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 2459)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1803 ([2]) lena leagtar amach na méideanna sealadacha a leithdháiltear ar gach Ballstát ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1755, chomh maith leis an íosmhéid acmhainní atá le caitheamh i gcomhréir le hAirteagal 4(4) den Rialachán sin.

(2) De bhun Airteagal 4a(1) de Rialachán (AE) 2021/1755, féadfaidh na Ballstáit iarraidh réasúnaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun méideanna iomlána a leithdháilte shealadaigh nó cuid de na méideanna sin, a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 4(5) de Rialachán (AE) 2021/1755, a aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(3) I gcomhréir le hAirteagal 4a(3) de Rialachán (AE) 2021/1755, i gcás ina roghnóidh Ballstát a leithdháileadh sealadach iomlán nó cuid dá leithdháileadh sealadach a aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhréir le hAirteagal 4a, déanfar na méideanna atá le caitheamh chun críocha Airteagal 4(4), an chéad fhomhír, a laghdú go comhréireach.

(4) Chuir 23 Bhallstát iarraidh réasúnaithe isteach chun méid iomlán EUR 2 089 446 003 a aistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar na hiarrataí sin.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1803 a leasú dá réir sin.

(6) Ar chúiseanna clársceidealaithe, ba cheart na méideanna sealadacha foriomlána a leithdháiltear ar gach Ballstát a thabhairt i bpraghsanna reatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1803, cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

([1]) IO L 357, 8.10.2021, lch. 1.
([2]) IO L 362, 12.10.2021, lch. 3.
([3]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Aibreán 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Elisa FERREIRA
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1803:

"IARSCRÍBHINN

Na méideanna sealadacha a leithdháiltear ar gach Ballstát ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit agus an t-íosmhéid tacaíochta do phobail chósta áitiúla agus réigiúnacha, i bpraghsanna reatha (EUR) mar thoradh ar aistrithe acmhainní chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

Ballstát	Méid a bhaineann leis na tosca dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1755			Leithdháileadh sealadach iomlán (tar éis aistrithe)	Méideanna arna n-aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta	Íosmhéid atá le caitheamh i gcomhréir le hAirteagal 4(4) do phobail chósta áitiúla agus réigiúnacha
	Trádáil earraí agus seirbhísí leis an Ríocht Aontaithe	Éisc a ghabhtar i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na Ríochta Aontaithe	Réigiúin teorann muirí leis an Ríocht Aontaithe			
BE - an Bheilg	129 217 527	23 333 576	5 172 766	157 723 869	228 850 088	11 040 671
BG - an Bhulgáir	9 372 864			9 372 864	6 000 000	
CZ - an tSeicia	0			0	54 918 029	
DK - an Danmhairg	89 484 857	119 487 833		208 972 690	66 026 588	14 628 088
DE - an Ghearmáin	396 922 262	29 938 608		426 860 870	219 739 187	14 969 304
EE - an Eastóin	0			0	6 615 616	
IE - Éire	855 060 202	96 925 106	63 216 817	1 015 202 125	150 000 000	48 462 552
EL - an Ghréig	13 031 153			13 031 153	25 600 000	
ES - an Spáinn	211 333 066	3 113 984		214 447 050	58 000 000	
FR - an Fhrainc	142 041 225	41 642 737	47 867 301	231 551 263	504 000 000	16 208 588
HR - an Chróit	0			0	7 190 532	
IT - an Iodáil	146 769 412			146 769 412	0	
CY - an Chipir	0			0	52 056 350	
LV - an Laitvia	0			0	10 946 343	
LT - an Liotuáin	7 465 868	18 705		7 484 573	4 700 000	
LU - Lucsamburg	0			0	128 475 124	
HU - an Ungáir	57 157 852			57 157 852	0	
MT - Málta	4 322 261			4 322 261	40 000 000	
NL - an Ísiltír	485 768 732	95 761 650	24 784 255	606 314 637	280 000 000	42 442 025
AT - an Ostair	27 711 512			27 711 512	0	
PL - an Pholainn	172 161 964	1 471 297		173 633 261	0	
PT - an Phortaingéil	0	0		0	81 358 359	
RO - an Rómáin	0			0	43 162 623	

SI - an tSlóivéin	0			0	5 257 380	
SK - an tSlóvaic	0			0	36 307 747	
FI - an Fhionlainn	9 000 000			9 000 000	14 242 037	
SE - an tSualainn	67 431 973	4 001 632		71 433 605	66 000 000	
Iomlán AE27	**2 824 252 730**	**415 695 128**	**141 041 139**	**3 380 988 997**	**2 089 446 003**	**147 751 228**”